

Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide

Ealaíontóir	Anne Madden
Teideal:	Big Red Mountain Series(1967)
Meán:	Dathanna ola
Láthair:	Foirgneamh na nEalaíon, Coláiste na Tríonóide

Rugadh 1932, Londain

Ealaíontóir í Anne Madden a bhfuil cáil faoi leith uirthi in Éirinn. Sa tSilé a chaith sí blianta tosaigh an tsaoil ach tháinig a hathair agus a máthair ar ais don Eoraip chun cónaí in Éirinn agus i Londain. Nuair a bhí siad i Londain, rinne Anne staidéar ar an líníocht agus ar an bpéintéireacht sa *Chelsea School of Arts and Crafts*; ainneoin seanmhodhanna múinteoireachta á gcleachtadh sa scoil sin, is le linn di bheith á freastal a tháinig a cuid saothair faoi anáil an Eispriseanachais Theibí nuair a chuaigh sí ag taispeántas de phéintéireacht Mheiriceánach mar a ndeachaigh saothar Sam Francis agus Jean-Paul Riopelle i gcion go mór uirthi. Chas sí leosan, agus le healaíontóirí nach iad, i bPáras agus bhíodh saothair agus smaointe á mbabhtáil eatarthu.

Nuair a bhí sí ocht mbliana déag, thosaigh sí ag cur saothair ar taispeántais dtaispeántais grúpaí i Londain agus i mBaile Átha Cliath; thart ar an tráth céanna, cuireadh stad lena cuid oibre ar feadh tamaill mar gheall ar obráidí éagsúla ar chnámh a droma. Sin an uair a casadh an t-ealaíontóir Louis le Brocquy uirthi a bhí ag obair i Londain ag an am. Phós siad a chéile sé bliana dár gcionn. Chuaigh siad ina gcónaí i mbaile beag Carros i ndeisceart na Fraince mar ar chuir siad stiúideo ar bun agus a raibh beirt chlainne orthu. Ó lár na seascaidí ar aghaidh, bhí tábhacht mhór leis an bhFondúireacht *Maeght* dá gcuid oibre, de réir mar a cuireadh dream ealaíontóirí, scríbhneoirí, ceoltóirí agus filí le chéile.

Is iomaí cor a chuir Madden ina cuid ealaíne. Is iondúil go n-oibríonn sí de réir rúibricí a bhaineann le sraith aon choincheap amháin agus go mbaineann sí oiread agus is féidir as an téama. Baineann *Big Red Mountain Sequence* lena luathshaothar. I rith na seascaidí a thosaigh sí ag péinteáil pictiúir teibí den taobh tíre a bhain leis an tréimhse a chaith sí in aice le Boirinn Chontae an Chláir le linn a hóige. Tá tuiscint den stair agus den bhuanáíocht le braith ar shaothar na linne sin, ainneoin thréithe na teibíochta. Ba mhinic léi gaineamh agus grean cloiche a chur tríd an bpéint agus bhí tonúlacht monacróim, maidir le dathanna glasa agus bándearga, ag rith go tréan leis na pictiúir agus ba chorrúair a bhíodh dathanna corcra agus dearga de chuid súl tríothu. Is díol suntais maidir le *Big Red Mountain Sequence*, ina ainneoin sin, gur tábhachtaí gné an datha ina cuid ealaíne faoi thráth a shaothraithe; is beag nach malairt iomlán é ar an monacróm a bhíodh roimhe sin aici, an dearg anois sa chuid istigh den phictiúr agus dubh, bán nó liathghlas i gcodarsnacht leis sin. I rith na 1970idí, ba mhó ba chás le Madden foirgníocht ailtireachta – Meigilítí agus doirse – iad á bpéinteáil le dathanna tréana, dearg nó gorm, ar chuma mhonacrómach den chuid is mó.

Bailiúcháin Ealaíne Choláiste na Tríonóide

Bhí béim ag an ealaíontóir ar líníocht go ceann deich mbliana agus d'éirigh sí as an bpéintéireacht ar feadh tamaill. Tá cuid mhór saothar cruthaithe aici ó shin, an tsraith *Pompeii and Garden* (1980-90), an tsraith *Odyssey and Icarus* (1990-2000), agus an tsraith is deireanaí dá cuid, *Northern Lights*. Scríobh Enrique Juncosa mar gheall ar shaothar ealaíne Madden sa chatalóg a ghabh le *Retrospective* in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann sa bhliain 2007.

Tagann Madden ar réiteach ina cuid pictiúr idir fadhbanna ceapadóireachta, próisis, uigeachta, dathanna agus solais, ach bíonn sí san airdeall go seasta síoraí maidir lenár féidir a bhaint amach ar an gcaoi seo seachas an teibíocht amháin. D'fhéadfaí a rá gur ábharthacht, seachas foirmeáltacht, atá i gceist aici agus í ag cur chuig an bpéintéireacht, ach tá Madden lándúthrachtach i ndáil le hacmhainn claochlaithe an mheáin agus bíonn sí tugtha go hiomlán dó sin. Anne Madden: A Retrospective, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, 2007.

Sa bhliain 1959 a eagraíodh an chéad seó aonair de chuid Madden, sna *Leicester Galleries* i Londain, agus tá cuid mhór taispeántas, idir thaispeántais aonair agus thaispeántais ghrúpa, a raibh baint aici leo ó sin anall, roinnt acu i Meicsiceo, sna Críocha Lochlannacha, sa tSeapáin, san Eoraip agus i Meiriceá. Bhí saothar de chuid Madden ar taispeáint thar ceann na hÉireann ag an Biennale i bPáras sa bhliain 1965. Thug baile Carros coimisiún di an tsíleáil a phéinteáil sa *Chateau du Carros*, caisleán ó ré na meánaoise atá anois ina ionad d'ealaín na linne seo.

Tá saothar dá cuid i gcuid mhór bailiúchán ar fud an domhain, mar shampla i *Centre National d'Art Contemporain Georges Pompidou* agus sa *Musée du Louvre* i bPáras, sa *Hirschhorn Museum and Sculpture Garden*, sa *Smithsonian Institution* i Washington D.C. agus ag an *Arts Council of Great Britain*. In Éirinn, tá saothar dá cuid in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, sa Ghailearaí Náisiúnta Portráidíochta, i nGailearaí Hugh Lane Chathair Bhaile Átha Cliath, i Músaem Uladh i mBéal Feirste agus i mBailiúchán Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá sí ina ball d'Aosdána agus bhronn Rialtas na Fraince gradam *Officier des Arts et des Lettres* uirthi sa bhliain 2008 i ndáil lena hobair ealaíne. I mBaile Átha Cliath atá cónaí anois uirthi agus is ann a oibríonn sí.